**Scéim Ceannaigh Tí Inacmhainne**

**Gluais Téarmaí**

**Ránnaíocht Tithe Inacmhainne**
Seo an méid a d'íoc Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le gur féidir leat teach inacmhainne a cheannach. Tagraíonn sé seo don mhéid airgeadaíochta a íocadh, ach tagraíonn an sciar cothromais don mhéid seo mar chéatadán den Luach Margaidh.

**Socrú Ceannaigh Teaghaise Inacmhainne (ADPA)**
Seo é an Conradh dlíthiúil a dhéanfaidh tú le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh má éiríonn le d'iarratas agus má cheadaítear duit teach inacmhainne a cheannach. Leagann sé seo amach, i measc socruithe dlí eile, sonraí na Ranníocaíochta Tithe Inacmhainne a rinne an Chomhairle, meicníocht luachála, agus nósanna imeachta chun íocaíochta fuascailte a dhéanamh.

**Praghas Ceannaigh Inacmhainne**
Seo é an praghas a íocfaidh tú tar éis Ránníocaíocht Tithe Inacmhainne Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a dhealú ón Luach Margaidh. Ríomhfar é seo trí úsáid a bhaint as d'ioncam, coigilteas agus téarmaí agus coinníollacha na Scéime Tithíochta Inacmhainne a bhfuil iarratais á dhéanamh agat uirthi.

**Ceannaitheoir Céaduaire**
Is Ceannaitheoir Céaduaire thú mura:
- Cheannaigh tú nó nár thóg tú réadmhaoin chun cónaí ann roimhe seo.
- Bhfuil úinéireacht agat nó mura bhfuil suim agat in aon réadmhaoin in Éirinn nó thar lear.

**Iarratasóir Túis Úir**
Is iarratasóir Túis Úir thú má bhaineann an *Prionsabal Túis Úir* leat.

**Scéim Cabhair le Ceannach**
Is féidir le Ceannaitheoirí Céaduaire leas a bhaint as an Scéim Cabhair le Ceannach a fheidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim chun cabhrú leo lena n-éarlais. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar *https://www.revenue.ie/en/property/help-to-buy-incentive/index.aspx*

**Iasacht Tí Údaráis Áitiúil**
Is morgáiste é an Iasacht Tí Údaráis Áitiúil a chúireann an údarás áitiúil ar fáil. Murar éirigh leat morgáiste a fháil ó bhanc, b'fhéidir go mbeifeá in ann Iasacht Tí Údaráis Áitiúil a úsáid chun do réadmhaoin a cheannach, faoi réir théarmaí agus choinníollacha Iasachta Tí Údaráis Áitiúil. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar
*https://www.limerick.ie/council/services/housing/buying-a-house/apply-for-a-local-authority-home-loan*

**Faomhadh i bPrionsabal Morgáiste**

Tá Faomhadh i bPrionsabal i bhfoirm litreach ó iasachtóir ag cur in iúl an méid atá tú i dteideal iasacht a fháil le haghaidh morgáiste.

**Cumhacht Cheannaigh**

Cuirtear uasacmhainneacht morgáiste agus coigilteas san áireamh agus socróidh sé an praghas a íocfaidh ceannaitheoir ar theach inacmhainne. Ríomhtar é trí d'ioncam comhlán teaghlaigh a iolrú faoi 4 agus caithfidh an figiúr seo a bheith níos lú n 85.5% de luach magaidh tí inacmhainne.